D'fhéadfadh sé sin tarlú dá mba rud é nach raibh do phutóg folamh go hiomlán nó nach bhféadfaí an feadán a shíneadh go deireadh do phutóige. D'fhéadfaimis iarraidh ort go ndéanfaí ionscópacht eile nó tástáil eile ort. Cuirfear cóip de do thorthaí chuig do DG (dochtúir ginearálta nó dochtúir teaghlaigh).

## An bhfuil aon bhaol ag baint le hionscópacht?

I gcás fhormhór na ndaoine is gnáthamh an-simplí í an ionscópacht. Is féidir aimhréidheanna a bheith ann ach is annamh a bhíonn fadhbanna tromchúiseacha ann toisc go ndéantar monatóireacht chúramach ort le linn an ghnáthaimh.

Cé gurb í an ionscópacht an bealach is fearr chun ailse phutóige agus riochtaí eile sláinte a dhiagnóisiú, tá seans beag ann nach bhfeicfear ailse nó polaip. D'fhéadfadh sé sin tarlú toisc nach bhfuil an phutóg folamh go hiomlán, nó ar ócáidí annamha, nach bhfeiceann an dochtúir í. Tá seans beag nach mbeidh an t-ionscóp drólainne in ann dul fad iomlán na putóige mar gheall ar bhacadh éigin nó deacracht eile.

Tá cur síos thíos ar na rioscaí is mó a bhaineann le hionscópacht.

Cur fola: Ní bhíonn sé sin tromchúiseach de ghnáth, agus stopann sé uaidh féin. Mar sin féin b'fhéidir gur gá tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh i níos lú ná cás amháin as gach 150.

Stróiceadh beag ar líneáil do phutóige: Má tharlaíonn sé seo, b'fhéidir go mbeadh ort dul faoi scian chun an stróiceadh a chur ina cheart. Tarlaíonn sé sin i níos lú ná cás amháin as gach 500.

Fadhbanna análaithe nó croí: B'fhéidir go mbeadh frithfhreagairt agat i leith an támhacháin agus d'fhéadfadh sí sin fadhbanna sealadacha a chruthú.

I gcásanna fíor-annamha (i níos lú ná cás amháin as gach 11,000) d'fhéadfadh duine bás a fháil de deasca ionscópachta.

Má tá aon imní ort maidir le hionscópacht ar do dhrólann, ba cheart duit na hábhair imní sin a phlé leis an altra a ghlaonn ort nó teagmháil a dhéanamh leis an gClár Náisiúnta Scagthástála Putóige ar Shaorghlao 1800 45 45 55.

## Athbhreithniú ar do Scagthástáil

Má thagann ailse putóige ort idir scagthástálacha (ailse eatraimh), agus má bhí ionscópacht BowelScreen ar an drólann agat, is féidir leat athbhreithniú a iarraidh. Seol ríomhphost chuig review.request@screeningservice.ie nó déan teagmháil leis an tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála, Teach Óstaí an Rí, 200 Sráid Parnell, Saorphost FDN7612, Baile Átha Cliath 1, D01A3Y8.

**Saorghlao 1800 45 45 55**
**www.bowelscreen.ie**

BowelScreen
An Clár Náisiúnta Scagthástála Putóige
The National Bowel Screening Programme

# Ionscópacht

An tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála
National Screening Service

BSP/COM-072 Rev 03

## Cad is ionscópacht ar an drólann ann?

Is éard is ionscópacht ar an drólann ann ná scrúdú ar do phutóg ag baint úsáide as ceamara suite ar deireadh feadáin sholúbtha thanaí. Déantar iniúchadh le linn na tástála lena fháil amach an bhfuil aon pholaipí nó comharthaí galair le feiceáil ar líneáil do phutóige. Ní ailse iad polaipí ach mura mbaintear iad d'fhéadfadh siad athrú ina n-ailse le himeacht ama. Má aimsítear polaipí le linn na hionscópachta ar do dhrólann is iondúil go mbaintear iad chun an baol a laghdú go dtiocfaidh ailse ort. Ní aireoidh tú aon phian.

D'fhéadfaí sampla beag a thógáil de líneáil do phutóige chun scrúdú níos grinne a dhéanamh uirthi. Bithóipse a thugtar air sin.

## Cén fáth a bhfuil ionscópacht ar an drólann riachtanach dom?

Tairgimid ionscópacht ar an drólann do gach duine a rinne Scagthástáil Phutóige sa bhaile má taispeánadh rianta fola nach bhfeicfeadh an tsúil iad san fhaecas (cac).

Is í ionscópacht an bealach is fearr chun ailse phutóige agus riochtaí sláinte eile a dhiagnóisiú. Má bhraitear ailse phutóige go luath, bíonn sé níos éasca cóireáil a dhéanamh uirthi.

Déantar ionscópacht ar an drólann in aonad scagthástála ionscópachta in ospidéal a eagraíonn an Clár Náisiúnta Scagthástála Putóige. Ní mór don ospidéal táille reachtúil €80 a ghearradh ar gach duine (seachas ar shealbhóirí cártaí leighis) le haghaidh gnáthaimh chúraim lae.

## Cad ba cheart dom a dhéanamh chun ullmhú d'ionscópacht ar mo dhrólann?

Cuirfidh altra glaoch teileafóin ort sula ndéanfar ionscópacht ort agus míneoidh duit cad a tharlóidh le linn na hionscópachta. Ba cheart duit a insint don altra má tá aon chógas á chaitheamh agat, go háirithe aon táibléid tanaithe fola, mar shampla aspairín nó warfarin. Cuirfidh an t-altra ceisteanna ort faoi do shláinte agus is féidir leat aon cheisteanna atá agat maidir leis an ionscópacht a chur air nó uirthi.

An lá sula ndéanfar ionscópacht ar do dhrólann beidh ort do phutóg a fholmhú go hiomlán le go bhféadfaidh an dochtúir a bheidh ag déanamh na ionscópachta líneáil do phutóige a fheiceáil go soiléir. Tabharfar purgóid láidir duit le glacadh sa bhaile. Tá sé an-tábhachtach go leanfaidh tú na treoracha a thagann léi chun do phutóg a fholmhú go hiomlán.

## Cad a tharlaíonn le linn na hionscópachta?

Nuair a shroicheann tú an t-aonad scagthástála ionscópachta san ospidéal, buailfidh altra leat agus tabharfaidh sé nó sí freagra ar aon cheisteanna a bheidh agat. Iarrfar ort foirm thoilithe a shíniú chun do chead a thabhairt ionscópacht a dhéanamh ort.

Gnáthamh lae is ea an ionscópacht (ní gá duit fanacht thar oíche). B'fhéidir go dtabharfar támhachán duit chun cabhrú leat do scíth a ligean. Fágfaidh sé sin codlatach thú, agus b'fhéidir nach gcuimhneoidh tú ar aon rud faoin ionscópacht ina dhiaidh sin. Fad a bheidh tú támhaithe, déanfar monatóireacht chúramach ar do chroí agus ar d'análú.

Iarrfar ort luí ar do thaobh. Cuirfear feadán solúbtha tanaí, ar a dtugtar ionscóp drólainne, suas do thóin (reicteam) agus treorófar timpeall do phutóige é. Beidh ceamara beag ag deireadh an fheadáin mar aon le solas sa chaoi go bhfeadfaidh an dochtúir an taobh istigh de do phutóg a fheiceáil ar scáileán.

Le linn na hionscópachta líonfar do phutóg go réidh le haer d'fhonn líneáil do phutóige a thaispeáint níos soiléire. D'fhéadfá a mhothú go bhfuil do bholg séidte de thoradh an aeir sin nó d'fhéadfá crampaí a mhothú ann.

Uaireanta glactar samplaí beag de líneáil na putóige le breathnú níos grinne orthu. Bithóipse a thugtar air sin. Déanfar na samplaí a thástáil i saotharlann. Má tá aon polaipí fuarthas, féadfaidh siad a bhaint agus a thástáil.

Nuair a bheidh tú tagtha ar ais chugat féin ón ionscópacht (tar éis thart ar 30 nóiméad), beidh tú in ann suí suas. Beidh ort socrú a dhéanamh go dtógfaidh duine éigin abhaile thú ón aonad scagthástála ionscópachta mar d'fhéadfadh an támhachán tú a fhágáil leath i do chodladh.

## Cathain a gheobhaidh mé na torthaí?

Nuair a bheith an ionscópacht déanta inseofar duit ar tógadh aon samplaí nó ar baineadh aon pholaipí. Gheobhaidh tú na torthaí i gceann coicíse.

Má léiríonn an ionscópacht gur gá tuilleadh tástálacha a dhéanamh ort nó cóireáil a dhéanamh ort déanfaimid é sin a phlé leat agus a mhíniú duit agus déanfaimid cinneadh le chéile cad é an rud is fearr a dhéanamh.

D'fhéadfadh sé tarlú nach raibh an dochtúir in ann gach cuid de do phutóg a fheiceáil.